An Fiosraitheoir

Tasc 1: Ag Fiosrú Focal

1. In alt 3 aimsigh an focal atá ar comhchiall le **thaispeáin**.
2. Cén frása in alt 3 atá contrártha le **go mall**?
3. Tá an aidiacht **fada** in alt 4. Roghnaigh an leagan ceart de san abairt seo thíos:

   Mhair na rialacha i gcoinne na ndaoine gorma tamall _____ ina dhiaidh sin.

   (a) fada (b) fhada (c) faide
4. Conas a chuireann tú síos ar abairt mar seo a leanas?

   San am sin i Meiriceá bhí an ciníochas an-láidir, go háirithe in áiteanna mar Alabama.

   (a) Is fíric í (b) Is bréag í (c) Is nathán cainte í
5. Fiosraigh an frása **a bhaint amach** in alt 4. Cuir in abairt de do chuid féin é.
6. Cuir an phoncaíocht chuí isteach san abairt seo thíos.

   níl mé sásta bogadh go cúl an bhus arsa rosa parks nuair a d'ordaigh an tiománaí di seasamh mar níl sé seo cothrom

Tasc 2: Ag Fiosrú Feasa

1. Déan achoimre ar an téacs seo.
2. Cad eile is féidir leat a fháil amach faoi Rosa Parks?
3. Cad a spreag Rosa gan a suíochán a thabhairt don fhear geal, dar leat?
4. Cén fáth a mbeidh cuimhne ar Rosa Parks go deo, dar leat?

Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com | Grianghraf clúdaigh: Photo 12 / Alamy Stock Photo | Grianghraf taobh istigh: StampCollection / Alamy Stock Photo Foilseachán de chuid CCEA © 2017

18 Rosa Parks

Rewarding Learning

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Taisce Tuisceana

Rosa Parks

Rosa Parks

Is duine an-speisialta ar fad í Rosa Parks i stair na ndaoine gorma i Stáit Aontaithe Mheiriceá, agus b'fhéidir ar fud an domhain. Ba bhean ghorm í a rugadh ar an 4 Feabhra 1913 in Alabama i ndeisceart na tíre. Is beag baint a bhí aici le hÉirinn riamh ach is cosúil gurbh Éireannach é a sin-seanathair. Ba mhúinteoir scoile í a máthair agus ba shiúinéir é a hathair. Is é an fáth a bhfuil clú agus cáil agus meas mór uirthi ar fud an domhain ná go ndearna sí éacht mór sa bhliain 1955 a mhair i gcuimhne daoine. Ghlac sí seasamh i gcoinne an chiníochais, rud a spreag feachtas cearta sibhialta i Meiriceá.

San am sin, bhí an ciníochas an-láidir i Meiriceá, go háirithe in áiteanna mar Alabama. Ní raibh cearta daonna ag na daoine gorma agus caitheadh go holc leo. Bhí rialacha ar leith ann do na daoine geala agus rialacha eile ann do na daoine gorma. I mbeagán focal, bhí saol i bhfad níos fearr ag na daoine geala i gcomparáid leis na daoine gorma. Bhí dlíthe agus rialacha ann a choinnigh daoine geala agus daoine gorma scartha óna chéile. Lá amháin, i mí na Nollag 1955, sheas Rosa Parks i gcoinne ceann amháin de na rialacha sin, rud a d'athraigh a saol go deo.

Bhí an ciníochas i Meiriceá chomh holc sin ag an am go raibh leithris phoiblí dhifriúla, scoileanna difriúla agus siopaí difriúla ann do dhaoine geala agus do dhaoine gorma. Ní raibh cead acu ól as an bhfuarán uisce céanna fiú. Ar na busanna, bhí suíocháin ar leith ann do dhaoine geala agus suíocháin eile do dhaoine gorma. Ní raibh cead ag daoine gorma suí ar shuíocháin na ndaoine geala ach bhí cead ag na daoine geala suí ar shuíocháin na ndaoine gorma, fiú má bhí duine gorm ina shuí ansin cheana féin! Lá amháin, bhí Rosa ar an mbealach abhaile ar an mbus nuair a tháinig fear geal isteach sa bhus. Ní raibh suíochán ar bith fágtha do dhaoine geala. Stop an tiománaí an bus agus d'ordaigh sé do Rosa bogadh go dtí cúl an bhus agus a suíochán a thabhairt don fhear geal. Dhiúltaigh sí. Scairt an tiománaí bus ar na póilíní. Tháinig siad gan mhoill agus ghabh siad Rosa. Chuir an t-éacht simplí sin tús le go leor trioblóide agus tharraing sé aird an domhain ar an gciníochas i Meiriceá. Léirigh sé cé chomh holc agus a bhí saol na ndaoine gorma agus chabhraigh sé go mór le streachailt na ndaoine gorma i gcoinne na rialacha ciníocha. Go tobann, bhí Rosa i mbéal an phobail. Ghlac na daoine gorma in Alabama seasamh i gcoinne na rialacha ar na busanna agus dhiúltaigh siad dul ar na busanna ar chor ar bith. Mhair an stailc seo 381 lá agus, ar deireadh, bhí ar na comhlachtaí bus fáil réidh leis na rialacha ciníocha mar bhí siad ag cailleadh an iomarca airgid. Ba shampla iontach é sin den tslí le bua a fháil go síochánta.

Cé go raibh clú agus cáil ar Rosa mar gheall ar an rud a rinne sí sa bhliain 1955, ní raibh saol sona sásta aici ar feadh **fada** go leor ina dhiaidh sin. Bhí sí páirteach go mór i nGluaiseacht na gCeart Sibhialta (sin an grúpa a bhí ag iarraidh cearta daonna **a bhaint amach** do dhaoine gorma i Meiriceá), ach bhí sé deacair di obair a fháil mar gheall air sin. Ar deireadh, chuaigh sí féin agus a fear céile chun cónaí i dtuaisceart na tíre, áit nach raibh an ciníochas chomh holc céanna. Féachann daoine anois ar Rosa Parks mar shiombail den troid ar son na saoirse do dhaoine gorma, mar go raibh sí sásta seasamh a ghlacadh i gcoinne na daoirse. Gan aon dabht, bean chróga a bhí inti a spreag go leor daoine eile. Is iomaí duais agus gradam a fuair sí ó shin dá bharr. Faraor, níor tháinig deireadh leis an gciníochas ar fad sna Stáit Aontaithe agus bíonn trioblóid ann go fóill. Fuair Rosa bás ar an 24 Deireadh Fómhair 2005 agus í breis is 90 bliain d'aois.

Ceisteanna

1. **Cérbh í Rosa Parks?**
   (a) Bean gheal as Stáit Aontaithe Mheiriceá
   (b) Bean ghorm as deisceart Stáit Aontaithe Mheiriceá
   (c) Bean ghorm as tuaisceart Stáit Aontaithe Mheiriceá

2. **Cén bhaint a bhí ag Rosa le hÉirinn?**
   (a) Rugadh in Éirinn í
   (b) Ba as Éirinn a sin-seanathair
   (c) Ní raibh aon bhaint aici le hÉirinn

3. **Conas a bhí saol na ndaoine gorma i gcomparáid le saol na ndaoine geala?**
   (a) Bhí saol i bhfad níos fearr ag na daoine geala
   (b) Bhí saol i bhfad níos fearr ag na daoine gorma
   (c) Ní raibh aon difríocht idir an dá ghrúpa

4. **Cén seasamh a ghlac Rosa?**
   (a) Ní raibh sí sásta a suíochán a thabhairt suas do dhuine geal
   (b) Bhuail sí an tiománaí bus
   (c) Thug sí a suíochán suas nuair a d'iarr fear geal é

5. **Cén toradh a bhí ar an rud a rinne sí?**
   (a) Dhiúltaigh na daoine gorma na busanna a úsáid
   (b) Dhóigh na daoine gorma na busanna
   (c) Ní raibh cead ag daoine gorma na busanna a úsáid

6. **Conas atá a fhios againn nach raibh saol éasca ag Rosa ina dhiaidh sin?**
   (a) Ní raibh cead aici dul ar ais ar na busanna
   (b) Chaith sí blianta i bpríosún
   (c) Ní raibh daoine sásta post a thabhairt di

7. **Cén fáth a mbeidh cuimhne ag daoine ar Rosa, dar leat?**
   (a) Mar gheall ar a crógacht
   (b) Mar gheall ar an stailc a tharla
   (c) Mar gheall ar na nuachtáin

8. **In alt 2 tá an frása go síochánta in úsáid mar:**
   (a) aidiacht.
   (b) dobhriathar.
   (c) briathar.

9. **Cad atá sa téacs seo?**
   (a) Scéal faoi shaol duine
   (b) Treoracha
   (c) Dialann duine atá ann